



Ráiteas Corparáideach Cosanta Leanaí

Deireadh Fómhair 2018

Cúlra

Ceanglaíonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ar eagraíochtaí a soláthraíonn 'seirbhísí ábhartha' faoin Acht, Ráiteas Cosanta Leanaí a fhoilsiú. Sonraíonn an Ráiteas seo na seirbhísí ábhartha a sholáthraíonn foireann Údarás na Gaeltachta do leanaí chomh maith leis na prionsabail agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun leanaí a chosaint ó dhochar agus iad ag baint leasa as na seirbhísí sin.

Réamhrá

Is gníomhaíocht Stáit é Údarás na Gaeltachta atá freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Is é caomhnú agus láidriú na Gaeilge mar theanga bheo, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bunchuspóir atá le polasaí Údarás na Gaeltachta. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí pobail, cultúrtha agus teagabhunaithe.

Bíonn Údarás na Gaeltachta ag idirghníomhú le daoine óga ar bealaí difriúla ar mhaithe le na cuspóirí a thuas a chur ina gcríoch.

Is é cuspóir an ráitis chosanta linbh seo ná a chinntiú, a mhéid is indéanta, agus i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, nach ndéanfadh aon obair nó gníomhaíocht de chuid an Údaráis seo comhdhéanta de sholáthar gníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha do leanaí dochar <http://dfat/SupportServices/CordandC/Children First Documents/Definition of harm.docx>, de réir bhrí an Achta, d'aon leanbh a bheidh ag baint leasa as na seirbhísí sin.

Is é príomhchuspóir agus príomhthosaíocht an Údaráis ná sábháilteacht agus leas leanaí agus daoine óga a chosaint. Tá freagracht agus dualgas cúraim ar gach ball foirne den Údarás cinntiú go bhfuil aon leanbh nó duine óg atá ag idirghníomhú leis an Údarás seo sábháilte agus cosanta ó dhochar (mí-úsáid nó faillí fhisiceach/mhothúcháinach/ghnéasach). Baineann na polasaithe agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa Ráiteas Cosanta Leanaí seo le gach ball foirne Údarás na Gaeltachta lena n-áirítear foireann shealadach agus conartha agus socrúcháin mac léinn nó taithí oibre.

Rinneadh athbhreithniú ar na feidhmeanna agus gníomhaíochtaí an Údaráis ar fad i gcomhthéacs an Achta um Thús Áite do Leanaí. Fuair an t-athbhreithniú seo gurbh í an t-aon seirbhís a sholáthraíonn an Údarás de réir bhrí an Achta ná soláthar socrúcháin tréimhsiúil taithí oibre do mhic léinn idirbhliana agus mic léinn tríú leibhéal ar shocrúcháin oibre faoi bhun 18 mbliana d'aois agus an comhpháirtíocht atá dhá dhéanamh ag Údarás na Gaeltachta le Junior Achievement Ireland le fiontraíocht a spreagadh i scoláirí meán scoile agus bun scoile. Tá an measúnú riosca a leanann dírithe ar na gníomhaíochtaí sonracha seo.

Measúnú Riosca agus Nósanna Imeachta

Réimse Riosca	Riosca a aithnítear	An nós imeachta atá i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú
Mic léinn idirbhliana, dara leibhéal agus/nó Ollscoile faoi bhun 18 mbliana d'aois ar shocrúchán in Údarás na Gaeltachta	a: Go ndéanfaidh ball foirne díobháil don mhic léinn le linn a socrúcháin le Údarás na Gaeltachta	<p>i) Déanfar gach socrúchán mac léinn, lena n-áirítear socrúcháin mac léinn a lamhsáil roimh ré leis an Aonad AD.</p> <p>ii) Déanfaidh an Feidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne teagmháil le gach mac léinn ar shocrúchán agus gníomhóidh sé mar dhuine teagmhála lena bhféadfadh siad aon cheisteanna/imní a phlé.</p> <p>iii) Tabharfar cóip de Ráiteas Cosanta Leanaí Údarás na Gaeltachta do mhic léinn mar chuid den doiciméadú a thugtar dóibh ag tús a socrúcháin. Beidh an duine teagmhála thuasluaite ar fáil chun cuidiú le haon cheist a bheidh ag an mac léinn.</p> <p>iv) Beidh ar an bFeidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne teagmháil a dhéanamh leis an mac léinn a shanntar dóibh leathshlí trína socrúchán agus arís ag a dheireadh.</p> <p>v) Críochnóidh gach ball foirne a mhaoirsionn nó a oibríonn go díreach le mic léinn oiliúint ríomhfhoghlama Tús Áite do Leanaí.</p> <p>vi) Eiseofar Ráiteas Cosanta Údarás na Gaeltachta chun na foirne ar fad agus tabharfar é don fhoireann ar fad mar chuid den chlár ionduchtaithe. Beidh an Ráiteas Cosanta ar fáil don fhoireann ar fad ar stolla an Údaráis.</p> <p>vii) Más féidir, ba chóir go mbeadh beirt daoine fásta i láthair le leanaí an t-am ar fad.</p> <p>viii) Tá próiseas i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta chun déileáil le ball foirne a fhéadfaidh a bheith ina nábhar imscrúdaithe a thuairiscítear i leith gnímh, neamhghnímh nó imthoisce i leith aon linbh ag gabháil le hobair an Údaráis. Tá an nós imeachta seo imlínithe</p>

		<p>sa bpolasaí um Chosaint Leanaí agus tá sé ar fáil ar iarratas.</p> <p>viii) Cuirfear cóip den Ráiteas Cosanta Leanaí agus polasaí an Údaráis um Chosaint Leanaí ar fáil do thuismitheoir/caomhnóirí na mac léinn go léir roimh thús an tsocrúcháin agus beidh air na thuismitheoirí/caomhnóirí dearbhúcháin a shíniú go nglacann siad le nár treoir línte.</p>
	<p>b: Nach dtuairisceofar nochtadh díobhála go cuí do Tusla.</p>	<p>i) Tá treoir don fhoireann chun imní leasa agus cosanta leanaí a thuairisciú i ndoiciméad Bheartas um Chosaint Leanaí.</p> <p>ii) Déanfaidh Feidhmeannach an rannóg a shannfar don mhac léinn a dheimhniú leis an rannóg AD roimh an socrúchán gur cuireadh gach pearsanra sa rannóg ar an eolas faoin Treoir Tuairiscithe atá i nDoiciméad Bheartas um Chosaint Leanaí.</p> <p>iii) Nuair a chríochnóidh an socrúchán, seiceálfaidh Feidhmeannach an rannóg leis an bhfoireann an ndearnadh nochtadh ar bith, agus más amhlaidh, gur cuireadh iad ar aghaidh go cuí chun Duine Idirchaidrimh Ainmnithe Údarás na Gaeltachta agus chun Tusla. Deimhneoidh an Feidhmeannach an t-eolas seo leis an Aonad AD.</p>
<p>Cuireann Údarás na Gaeltachta foireann deonach ar fáil chun tacú le daltaí meánscoile aois 15-16 chun a gcuid comhlachtaí do Chlár na gComhlachtaí a fhorbairt. Is sa seomra ranga a bhíonn an clár ar siúl agus bíonn an múinteoir ranga sa seomra.</p> <p>Is féidir le hoibrithe deonacha freastal ar Chraobhacha Réigiúnacha & Náisiúnta</p>	<p>a: Go bhfághtar an t-oibrí deonach leis an dalta ina n-aonar.</p> <p>b: Go dtógann an t-oibrí deonach pictiúir de na daltaí agus iad a roinnt ar an láithreán greásáin/meáin shóisialta gan cead a bheith faighte ón múinteoir ranga grianghraif a thógáil.</p>	<p>i) Caithfidh gach ball den fhoireann freastal ar thraenáil do chlár JAI ina bhfuil eolas riachtanach ar threoirlínte maidir le Cosaint Leanaí lena n-áirítear sonraí na míreanna uile thíos.</p> <p>ii) Leanann an fhoireann prótacail na Roinne Oideachais & Junior Achievement sa gcaoi is go gcaithfidh siad aon chás go mbeadh sé/sí fágtha ina n-aonar le haon dalta a sheachaint agus déantar cinnte de go bhfuil duine fásta eile (an múinteoir ranga de ghnáth), agus dá bhféadfaí é daltaí eile i láthair ag aon phlé idir an t-oibrí deonach agus daltaí.</p> <p>iii) Cuireann an JAI na prótacail a éilíonn an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine</p>

<p>de Chlár na gComhlachtaí chun cuidiú le daltaí róil mar fhear/bhean an tí nó mar mholtóir a ghlacadh.</p>	<p>c: Téann dalta i dteagmháil leis an bhfoireann deonach ar na meáin shóisialta, taobh amuigh den seomra ranga.</p> <p>Feiceann an t-oibrí deonach eachtra féideartha maidir le cosaint leanaí agus níleadar cinnte ar cheart tuairisciú a dhéanamh air.</p> <p>d: Ní dhéanann an t-oibrí deonach é seo a roinnt leis an Oifigeach Cosaint Leanáí.</p>	<p>Leochaileacha), 2012 i gcrích maidir le gach ball foirne. (Déanfar grinnfhiosrúchán ar an bhfoireann sula dtugann siad cuairt ar a rang).</p> <p>iv) Ag an traenáil caithfidh gach ball den fhoireann deonach Cód Iompair Junior Achievement Ireland a chomhlánú agus a shíniú.</p> <p>v) Cloí le polasaí grianghrafadóireachta agus/nó físeáin JAI nuair a fhiafraíonn ball foirne JAI dóibh grianghraf de rang nó de ghrúpa i mbun gníomhaíochta a thógáil. Níl cead ag oibríthe deonacha grianghraif nó físeán a thógáil de dhaltaí aonair, ach amháin má thugann an múinteoir ranga cead i scríbhinn. Níor cheart go roinneadh ach foireann JAI íomhánna ar na meáin dhigiteacha trí shruth oifigiúil JAI.</p> <p>vi) Níl cúinse ar bith go mbeadh cead teagmháil a dhéanamh le dalta aonair taobh amuigh de ghníomhaíochtaí JAI. Níor cheart do dhaoine fásta teagmháil a dhéanamh le nó freagra a thabhairt ar dhalta ag úsáid láithreáin na meán shóisialta/ar líne.</p> <p>vii) Caithfidh an t-oibrí deonach JAI a chur ar an eolas maidir le haon fhadhb, nó aon athrú ina gcuid cúinsí, a léiríonn nach féidir leanúint ar aghaidh mar oibrí deonach JAI.</p> <p>viii) Cuireann JAI fáilte roimh gach ceist maidir le cosaint leanaí. Ba cheart iad seo a chur i dtreo ár theagmhálaí JAI, a rachaidh i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Leanáí JAI.</p>
<p>Cuireann Údarás na Gaeltachta agus JAI foireann deonach ar fáil chun 'An Chruinne' clár do dhaltaí bunscoile aois 11-12 de chuid Údarás na Gaeltachta a mhúineadh. Is sa seomra ranga a bhíonn an clár ar siúl agus</p>	<p>a: Go bhfághtar an t-oibrí deonach leis an dalta ina n-aonar.</p> <p>b: Go dtógann an t-oibrí deonach pictiúir de na daltaí agus iad a roinnt ar an láithreán greásáin/meáin</p>	<p>i) Caithfidh gach ball den fhoireann freastal ar thraenáil do chlár JAI ina bhfuil eolas riachtanach ar threoirínte maidir le Cosaint Leanáí lena n-áirítear sonraí na míreanna uile thíos.</p> <p>ii) Leanann an fhoireann prótacail na Roinne Oideachais & Junior Achievement sa gcaoi is go gcaithfidh siad aon chás go mbeadh sé/sí fágtha ina n-aonar le haon dalta a sheachaint agus déantar cinnte de go bhfuil duine fásta</p>

<p>bíonn an múinteoir ranga sa seomra.</p>	<p>shóisialta gan cead a bheith faighte ón múinteoir ranga grianghraif a thógáil.</p> <p>c: Téann dalta i dteagmháil leis an bhfoireann deonach ar na meáin shóisialta, taobh amuigh den seomra ranga.</p> <p>Feiceann an t-oibrí deonach eachtra féideartha maidir le cosaint leanaí agus níleadar cinnte ar cheart tuairisciú a dhéanamh air.</p> <p>d: Ní dhéanann an t-oibrí deonach é seo a roinnt leis an Oifigeach Cosaint Leanaí.</p>	<p>eile (an múinteoir ranga de ghnáth), agus dá bhféadfaí é daltaí eile i láthair ag aon phlé idir an t-oibrí deonach agus daltaí.</p> <p>iii) Cuireann an JAI na prótacail a éilíonn an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha), 2012 i gcrích maidir le gach ball foirne. (Déantar grinnfhiosrúchán ar an bhfoireann sula dtugann siad cuairt ar a rang).</p> <p>iv) Ag an traenáil caithfidh gach ball den fhoireann deonach Cód Iompair Junior Achievement Ireland a chomhlánú agus a shíniú. (Tá cóip den cháipéis seo curtha ar fáil ag JAI go Údarás na Gaeltachta).</p> <p>v) Cloí le polasaí grianghrafadóireachta agus/nó fiseáin JAI nuair a fhiafraíonn ball foirne JAI dóibh grianghraf de rang nó de ghrúpa i mbun gníomhaíochta a thógáil. Níl cead ag oibríthe deonacha grianghraif nó fiseán a thógáil de dhaltaí aonair, ach amháin má thugann an múinteoir ranga cead i scríbhinn. Níor cheart go roinnfeadh ach foireann JAI íomhánna ar na meáin dhigiteacha trí shruth oifigiúil JAI.</p> <p>vi) Níl cúinse ar bith go mbeadh cead teagmháil a dhéanamh le dalta aonair taobh amuigh de ghníomhaíochtaí JAI. Níor cheart do dhaoine fásta teagmháil a dhéanamh le nó freagra a thabhairt ar dhalta ag úsáid láithreáin na meán shóisialta/ar líne. (Féach faoi iamh cáipéis ar chód iompair na n-oibrí deonach).</p> <p>vii) Caithfidh an t-oibrí deonach JAI a chur ar an eolas maidir le haon fhadhb, nó aon athrú ina gcuid cúinsí, a léiríonn nach féidir leanúint ar aghaidh mar oibrí deonach JAI.</p> <p>viii) Cuireann JAI fáilte roimh gach ceist maidir le cosaint leanaí. Ba cheart iad seo a chur i dtreo ár theagmhálaí JAI a rachaidh i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Leanaí JAI.</p>
--	---	--

Cinntoidh Údarás na Gaeltachta go mbeidh an té atá na leanaí freagrach dó tar-éis dul trí iniúchadh comhréireach le sheirbhís an nGarda Síochána (AGS).

Déanfaidh an tÚdarás cinnte agus iad i mbun gníomhaireacht don Roinn Coimirce Sóisialaí chun scéimeanna fostaíochta pobail a riaradh sa Ghaeltacht go leanfar na treoirlínte cuí chun leanaí a chosaint.

Má earcaíonn Údarás na Gaeltachta aon fhostaí nua san eagraíocht a thiteann taobh istigh de limistéir an ráiteas seo cinnteoidh siad go dtéinn siad thrí iniúchadh cuí leis an AGS.

Cuirfear cóip de Ráiteas Cosanta Leanaí Údarás na Gaeltachta agus an Beartas um Chosaint Leanaí Údarás na Gaeltachta ar fáil don fhoireann ar fad agus beidh sé de dhíth mar chosaint chun dearbhú a shíniú go bhfuil an t-ábhar léite agus tuigthe acu.

De réir mar is cuí, coimeádfaidh an tAonad AD liosta daoine sainordaithe atá fostaithe ag an Údarás.

Cur i bhfeidhm

Aithníonn an Údarás gur próiseas leanúnach é an cur i bhfeidhm an Ráitis Cosanta Leanaí seo agus tá siad tiomanta na nósanna imeachta atá leagtha síos a leanacht.

Caithefear athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Cosanta Leanaí seo, faoi alt 11(7) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tráth nach déanaí ná 2 bhliain ón dáta foilsithe. Déanfar athbhreithniú ar an doiciméad seo faoin 1ú Samhain 2020 nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith déanta in aon ní dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Le haghaidh fiosrúcháin, téigh i dteagmháil leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe/Oifigeach Cosaint Leanaí Údarás na Gaeltachta:

**Niamh Nic Dhonncha
Feidhmeannach Acmhainní Daonna & Forbairt Foirne**

**Fón: 091-503127
Ríomhphost: n.nicdhonncha@udaras.ie**